# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.
- Chun críche marcála, is éard is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon bhlúire eolais fhíorasaigh amháin a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarrthóir, ar bhealach a bhfuil freagra iomlán mar thoradh air atá comhleanúnach tríd is tríd.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.
Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
| ▪—▪ | Cuid shuntasach de fhreagra | N/B |
| ⌇ | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |
| Ex / N / REF | Sampla bailí / ainm / tagairt | 3 |
| P1 / P2 / P3 | Baineann nótaí mínithe le pointe 1 / pointe 2 / pointe 3 | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 3 |

The table below contains information about annotations used for marking the Geographical Investigation.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe **(más iomchuí)** |
|---|---|---|
| Iss / Rec / OS | Ceist bhailí / sampla de thaifeadadh/ breathnóireacht | 2 |

# Fiosrú sa Tíreolaíocht- Croí-Aonad 3

*(Féach Aguisín 1 le haghaidh Liosta na dTopaicí)*

1. Réamhrá

   4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
   Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc		Líon Iomlán na marcanna 5

2. Pleanáil

   4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
   Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc		Líon Iomlán na marcanna 5

3. Bailiú Eolais

   Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
   Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2 mharc an ceann		36m
   I gcás gach Modha/Taisc, ceadaigh aon PSÁ amháin má tharraingítear léaráid faoi.

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 2m grádaithe (2/1/0)<br>Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos 2m | 4m |

Líon Iomlán na Marcanna 40

4. Torthaí, Tátail, Meastóireacht

   Trí cheannteideal @ 8 marc an ceann
   Gach ceannteideal: 4 PSÁ @ 2 mharc an ceann		24m

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 4m grádaithe (4/2/0)<br>Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos 2m | 6m |

Líon Iomlán na Marcanna 30

5. Eagrú agus Cur i Láthair na dTorthaí

   Dhá mhodh éagsúla don chur i láthair.
   Gach cur i láthair: 5 PSÁ @ 2 mharc an ceann

Líon iomlán na marcanna 20

# Briseadh síos ar na Marcanna don Chur i Láthair

***Píchairt / Treoghraf / Barrachairt / Scaipghraf srl.***

| | |
|---|---|
| Lipéad / ciorcal curtha ar ais X | 2m |
| Lipéad curtha ar ais Y / í curtha sa lár | 2m |
| Na sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Na sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Imprisean iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

***Léaráid / Sceitse / Léarscáil***

| | |
|---|---|
| 1 bhlúire amháin eolais agus nótaí curtha leis | Léirithe 2m + Ainmnithe 2m |
| 1 bhlúire amháin eolais agus nótaí curtha leis | Léirithe 2m + Ainmnithe 2m |
| Imprisean iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

***Tábla***

| | |
|---|---|
| Teideal | 2m |
| Aiseanna lipéadaithe | 2m |
| Colúin lipéadaithe | 2m |
| Sonraí | 2m |
| Imprisean iomlán | 2m grádaithe (2/1/0) |

| **CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**<br>AON **DEICH** gCEIST @ 10 MARC AN CEANN<br>Déan **gach** ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde. | | | |
|---|---|---|---|
| C.1 (i) | D | 2m | |
| | C | 2m | |
| | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| (ii) | Fíor | 2m | Iomlán 10m |
| C.2 (i) | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| (ii) | Carraig dhríodair | 2m | |
| (iii) | Dhá chineál bailí | 2m+2m | Iomlán 10m |
| C.3 (i) | C | 2m | |
| | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| | D | 2m | |
| (ii) | Bréagach | 2m | Iomlán 10m |
| C.4 (i) | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| | C | 2m | |
| | D | 2m | |
| (ii) | Creimeadh | 2m | Iomlán 10m |
| C.5 | C | 2m | |
| | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| | E | 2m | |
| | D | 2m | Iomlán 10m |
| C.6(i) | Siar ó dheas | 5m | |
| (ii) | 4.8 km | 5m | Iomlán 10m |

| | | | |
|---|---|---|---|
| C.7 (i) | Galf 18 bpoll | 2m | |
| | Páirceáil | 2m | |
| | Gallán | 2m | |
| (ii) | 272(m) | 2m | |
| (iii) | Siombail atá tarraingthe i gceart | 2m | Iomlán 10m |
| C.8 (i) | Fíor | 2m | |
| (ii) | Bréagach | 2m | |
| (iii) | Fíor | 2m | |
| (iv) | Fíor | 2m | |
| (v) | Bréagach | 2m | Iomlán 10m |
| C.9 (i) | A Treasach | 2m | |
| | B Príomhúil | 2m | |
| | C Tánaisteach | 2m | |
| | D Treasach | 2m | |
| (ii) | Gníomhaíocht threasach bhailí | 2m | Iomlán 10m |
| C.10 | A | 2m | |
| | D | 2m | |
| | B | 2m | |
| | E | 2m | |
| | C | 2m | Iomlán 10m |
| C.11 (i) | 18,572(míle heicteár) | 2m | |
| (ii) | An Ghearmáin | 2m | |
| (iii) | An tSualainn | 2m | |
| (iv) | Éire | 2m | |
| (v) | Buntáiste bailí | 2m | Iomlán 10m |
| C.12 (i) | Gan iasacht nó morgáiste | 2m | |
| (ii) | 134 (€) | 2m | |
| (iii) | 119,300 | 2m | |
| (iv) | Comhairle Contae na Mí | 2m | |
| (v) | Sampla bailí | 2m | Iomlán 10m |

In 2024 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireactha.  Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar gnáthleibhéil:

Ní mór duit tabhairt faoi **thrí** cheist.  Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1-3)
- Roinn 2: Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4-6)
- Roinn 3: Toghaonaid (Ceist 7-12)

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad.  **Mura** bhfuil na trí cheist ar fad ón Roinn chéanna, is é sin an marc iomlán ceart le haghaidh Roinn a Dó ansin, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú.  Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.
Má tá na trí cheist ar fad lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn.  Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír 'Coigeartú', ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| A | Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán | N/B |
| 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndealú ón iomlán | 0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10 |

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an tríú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm.  Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann.
Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

**ROINN 1**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing tsracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Oileán an tSéipéil (Chapel Island)
- Limistéar ina bhfuil foraois bhuaircíneach ar an taobh thiar thuaidh den léarscáil
- An pointe **is airde** ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis
- Cúrsa Abha Mheáin (Owvane River) ó W 031 556 go dtí an t-imeallbhord.

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, bronn 50% de na marcanna le fáil le haghaidh míreanna a léiriú agus a lipéadú agus 0m as 5m le haghaidh teorainneacha, comhréir agus imprisean foriomlán.**

**Iomlán 30m**

**1B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bholcáin.

**Dhá bholcán bailí@ 2 mharc an ceann 4m**

(ii) Déan plé ar thionchair dhearfacha bolcán.

**Plé 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**

(iii) Déan plé ar thionchair dhiúltacha bolcán.

**Plé 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**

**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**1C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla**

Scrúdaigh an dóigh a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.


**Idirghníomhaíocht aitheanta 3m**
**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**Má aithnítear an dara tionchar, ceadaigh é le haghaidh PSÁ amháin.**
**Caithfear míniú a thabhairt ar gach idirghníomhaíocht eile le haghaidh PSÁnna.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhínithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 2

### 2A. Teicteonaic Plátaí




Curtha in oiriúint ó www.seismo.ethz.ch

Scrúdaigh léarscáil an domhain thuas ina dtaispeántar teorainneacha plátaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh lena chéile **nó** ag scaradh óna chéile ag **A**?

**Ag imbhualadh** **3m**

(ii) Ainmnigh an **dá** phláta atá le fáil ar an dá thaobh den teorainn plátaí a bhfuil an lipéad **A** uirthi.

**Pláta na hIndia agus Pláta na hEoráise** **3m+3m**

(iii) Cén cineál teorann plátaí atá le feiceáil ag **B**?

**Teorann plátaí ag sleamhnú/trasnáitheach/neamhghníomhaíoch** **3m**

(iv) Ainmnigh an pláta is faide ó dheas atá lipéadaithe ar an léarscáil.

**Pláta Antartach** **3m**

(v) Ainmnigh an droim aigéin a ritheann feadh na teorann plátaí ag **C**.

**Droim an Atlantaigh Láir** **3m**

(vi) Mínigh go hachomair an dóigh ar foirmíodh an droim seo.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vii) Mínigh go hachomair an próiseas ar a dtugtar *fodhuchtú*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**2B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Foirmiú dhá thírghné ar bith @ 20 marc an ceann.**
**Le haghaidh gach tírghné**

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe** | **1m** |
| **Léaráid(í) dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Tugadh míniú ar fhoirmiú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**Aon dhá phróiseas @ 20 marc an ceann**

**Do gach próiseas:**

| | |
|---|---|
| **Próiseas luaite** | **2m** |
| **Cur síos / Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**
**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

## 2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus bíodh tagairt agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.


**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhínithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 3

### 3A. Próisis Dromchla




Amended from www.earthobservatory.nasa.gov and www.nationalgeographic.org

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** thuas, leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í as an liosta thíos:

- **C** Sliabhraon **3m**
- **A** Oileán bolcánach **3m**
- **B** Scoiltghleann. **3m**

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C**, leis an bpróiseas as an liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- **A** Fuarú laibhe **3m**
- **C** Filleadh **3m**
- **B** Éascadh. **3m**

(iii) Ainmnigh próiseas **amháin** a bhaineann le síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil.

**Próiseas bailí ainmnithe** **3m**

(iv) Ainmnigh sliabhraon **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Sliabhraon bailí ainmnithe** **3m**

(v) Mínigh go hachomair an próiseas ar a dtugtar *filleadh*.

**Míniú achomair** **2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**3B. Tírdhreacha Carstacha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thírdhreach carstach.

| | |
|---|---|
| **Sampla amháin ainmnithe** | **4m** |

(ii) Mínigh, le cuidiú léaráide, an dóigh ar foirmíodh gné **dhromchla amháin** i dtírdhreach carstach.

| | | |
|---|---|---|
| **Gné ainmnithe** | | **2m** |
| **Léaráid** | **Dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Míniú** | **4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12m** |

**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

(iii) Mínigh, le cuidiú léaráide, an dóigh ar foirmíodh gné **faoi thalamh amháin** i dtírdhreach carstach.

| | | |
|---|---|---|
| **Gné ainmnithe** | | **2m** |
| **Léaráid** | **Dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Míniú** | **4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12m** |

**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**3C. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig **agus** luaigh suíomh **amháin** ina bhféadfaí é a fháil.

| | |
|---|---|
| **Bruthcharraig ainmnithe** | **3m** |
| **Suíomh bailí ainmnithe** | **3m** |

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a bhfoirmítear bruthcharraigeacha.

| | |
|---|---|
| **Cur síos/míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **24m** |

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí .**

**Iomlán 30m**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Réigiún in Éirinn**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Réigiún **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air
- Abhainn **amháin** ainmnithe sa réigiún sin
- Baile mór ainmnithe **amháin** nó cathair ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Limistéar ainmnithe rilífe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**Imlíne ar Éire** **6m grádaithe (6/4/2/0)**

| | | |
|---|---|---|
| **Réigiún:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Abhainn:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Rilíf (talamh ard/talamh íseal):** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

**Iomlán 30m**

**4B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt á déanamh agat do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach (nach bhfuil san Eoraip)** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na fáthanna a bhfuil an réigiún mealltach do **thurasóirí**
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Forbairt ar **chúrsaí iompair** sa réigiún.

| | |
|---|---|
| **Réigiún ainmnithe** | **1m** |
| **Gníomhaíocht 1 amháin mínithe 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21m** |
| **Gníomhaíocht 2 mínithe ag 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |
| | **Iomlán 40m** |

**4C. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh**

(i) Ainmnigh **dhá** thír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach ó rinne Éire amhlaidh in 1973.

| | |
|---|---|
| **Dhá thír ainmnithe @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

(ii) Mínigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh ó thaobh na hÉireann de.


| | |
|---|---|
| **Míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **24m** |

**Aon PSÁ amháin ar a laghad ar bhuntáistí agus aon PSÁ amháin ar míbhuntáistí a bhfuil gá leo chun lánmharcanna a fháil.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 5

### 5A. An Turasóireacht in Éirinn




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina dtaispeántar eolas faoi chuairteoirí go hÉirinn i mí an Meithimh 2023 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad eachtrannach a chuir a dturas thar oíche go hÉirinn i gcrích i mí an Mheithimh 2023?

**619,900** **3m**

(ii) Cén fáth ar tháinig 42.6% de na cuairteoirí?

**Saoire nó fóillíocht** **3m**

(iii) Cá fhad a mhair an ghnáthchuairt?

**7.3 oíche** **3m**

(iv) Cé mhéad (in €) a chosain an ghnáthchuairt?

**1,357 (€)** **3m**

(v) Ríomh an céatadán iomlán de chuairteoirí a tháinig as an mBreatain Mhór agus as na Stáit Aontaithe le chéile.

**60.7 (%)** **6m**

(vi) Ainmnigh **dhá** ní in Éirinn ar díol spéise iad do thurasóirí.

**Dhá ní ar díol spéise iad do thurasóirí ainmnithe** **3m+3m**

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann geilleagar na hÉireann as an turasóireacht.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**5B.** **Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún san Eoraip**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún san **Eoraip** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.
**Gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach bhailí ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**
**Má ainmnítear réigiún, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo sa réigiún sin.
**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**5C.** **Réigiúin Uirbeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar cheantar uirbeach amháin ar bith in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Má ainmnítear ceantar uirbeach, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

**Iomlán 30m**

## Ceist 6

### 6A. Dífhostaíocht san Eoraip

An Céatadán de Dhaoine a bhí Dífhostaithe in 2010, 2016 agus 2022 i dTíortha roghnaithe san AE

| | Éire | An Spáinn | An Ghréig | An Ghearmáin | An Pholainn | An Iodáil |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2010** | 15.7% | 20.4% | 14.9% | 6.1% | 9.8% | 8.2% |
| **2016** | 8.8% | 18.6% | 23.7% | 3.7% | 5.5% | 11.8% |
| **2022** | 6.1% | 13.0% | 11.6% | 3.0% | 2.8% | 7.9% |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe i dtíortha roghnaithe san AE in 2010, 2016 agus 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina raibh an céatadán ab airde de dhaoine dífhostaithe in 2010?

**An Spáinn** **3m**

(ii) Cén céatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe sa Pholainn in 2022?

**2.8 (%)** **3m**

(iii) Cén **dá** thír ina raibh méadú ar an gcéatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe ó 2010 go 2016?

**An Ghréig agus an Iodáil** **3m+3m**

(iv) Ríomh an laghdú ar an gcéatadán de dhaoine dífhostaithe in Éirinn idir 2010 agus 2022.

**9.6 (%)** **6m**

(v) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le leibhéal ard dífhostaíochta.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vi) Mínigh go hachomair bealach **amháin** chun leibhéil dífhostaíochta a laghdú.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

## 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

**Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil bhailí** **4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**Má ainmnítear réigiún, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil sin sa réigiún sin.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

## 6C. Coincheap an Réigiúin

Tabhair cur síos agus míniú, ag baint úsáid as samplaí, ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha réigiúin atá liostaithe thíos:

- Réigiúin aeráide
- Réigiúin gheomoirfeolaíocha
- Réigiúin chultúrtha sainmhínithe ag teanga
- Réigiúin chultúrtha sainmhínithe ag reiligiún.

**Cineál Réigiún 1**
**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15m**

**Cineál réigiún 2**
**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15m**

**Aon PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh gach réigiún.**
**Ceadaigh sampla i ngach réigiún le haghaidh PSÁ amháin.**

**Iomlán 30m**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bheanntraí a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing tsracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Séipéal
- Ceantar tionsclaíoch sa tulra láir
- Carrchlós
- Ceantar talmhaíochta sa talamh láir ar dheis.

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/fráma** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, ceadaigh 50% de na marcanna le fáil as na gnéithe ach 0 marc as an 5 cinn atá le fáil as sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta amháin a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus cuir in iúl cén áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe.

| | |
|---|---|
| **Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC) ainmnithe** | **2m** |
| **Suíomh bailí ainmnithe** | **2m** |

(ii) Ainmnigh amhábhar amháin a bhíonn á úsáid ag an gcuideachta ilnáisiúnta sin agus ainmnigh táirge amháin a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin.

| | |
|---|---|
| **Amhábhar bailí ainmnithe** | **3m** |
| **Táirge bailí ainmnithe** | **3m** |

(iii) Mínigh na buntáistí a bhaineann an chuideachta ilnáisiúnta sin as a bheith lonnaithe in Éirinn.

| | |
|---|---|
| **Míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21m** |

(iv) Mínigh deacracht amháin atá roimh an gcuideachta ilnáisiúnta sin san am atá le teacht.

| | |
|---|---|
| **Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9m** |

**Iomlán 40m**

**7C. Éire agus an tAontas Eorpach**

(i) Ainmnigh polasaí **amháin** de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil tionchar aige ar gheilleagar na hÉireann.

| | |
|---|---|
| **Polasaí bailí de chuid an Aontais Eorpaigh** | **3m** |


(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na tionchair a bhíonn ag polasaí/polasaithe an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

| | |
|---|---|
| **Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** |
| **PSÁ amháin ar a laghad as míniú** | |

**Iomlán 30m**

## Ceist 8

### 8A. Trádáil na hÉireann




Scrúdaigh an phíchairt thuas ina dtaispeántar cinn scríbe earraí a easpórtáladh as Éirinn in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ar easpórtáil Éire 7% de na hearraí chuici?

**An tSín** **3m**

(ii) Cén céatadán de na hearraí a cuireadh go dtí an Ríocht Aontaithe?

**11 (%)** **3m**

(iii) Ríomh **X**, an céatadán d'earraí a chuaigh go dtí an ceann scríbe "Eile".

**31 (%)** **6m**

(iv) Cén tír a ghlac isteach an líon ba mhó earraí as Éirinn in 2021?

**Na Stáit Aontaithe** **3m**

(v) Ainmnigh **dhá** earra a easpórtáiltear as Éirinn.

**Dhá earra bailí ainmnithe** **3m+3m**

(vi) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann geilleagar na hÉireann as easpórtálacha.

**Buntáiste amháin bailí luaite** **3m**

(vii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil líon na n-earraí a easpórtáiltear go dtí an Ríocht Aontaithe tar éis titim ó 2020.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil mar thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

| | |
|---|---|
| **Sampla bailí ainmnithe** | **4m** |

(ii) Mínigh cúiseanna **agus** iarmhairtí thruailliú sin an chomhshaoil.

| | |
|---|---|
| **Cúis aitheanta aon PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **3m** |
| **Tionchar aitheanta aon PSÁ amháin @ 3 mharc an ceann** | **3m** |
| **Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |

(iii) Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfaí truailliú seo an chomhshaoil a laghdú.

| | |
|---|---|
| **Míniú 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **12m** |
| | **Iomlán 40m** |

**8C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt **ceann amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Tionscail seirbhísí agus tionscail gan chuing.

| | | |
|---|---|---|
| **Geilleagar forbartha ainmnithe** | **3m** | |
| **Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** | |
| **PSÁ amháin ar a laghad as míniú** | | |
| | | **Iomlán 30m** |

## Ceist 9

### 9A. Forbairt Gheilleagrach

**An Fás (%) ar OTI**
**i dTíortha Roghnaithe in 2021**

| Tír | Fás (%) ar OTI |
|---|---|
| An Ghuáin | 20 |
| Éire | 14 |
| An India | 9 |
| An tSín | 8 |
| Na Stáit Aontaithe | 6 |

Curtha in oiriúint ó www.imf.org

Scrúdaigh na sonraí thuas a bhaineann leis an bhfás (%) ar an OTI i dtíortha roghnaithe in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar 3m** | |
| **Lipéad / ciorcal curtha ar ais cheartingearach** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéad curtha ar ais chothrománach / í Curtha sa Lár** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-Iomlán 24m** |

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair tairbhe **amháin** a bhaineann tír as an bhfás geilleagrach.

| | |
|---|---|
| **Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 30m**

**9B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo. Tá sé molta óstán nua a thógáil ag an bpointe V 998 506.

(i) Tabhair cur síos agus míniú ar na buntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

(iii) Ag baint úsáid as tagairt eangaí sé fhigiúr, mol suíomh eile don óstán nua **agus** mínigh go hachomair cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh eile sin.

**Nodaireacht bhailí ghlactha don suíomh 4m**

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Iomlán 40m**

**9C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** den dóigh inar tharla coimhlint idir daoine mar thoradh ar fhorbairt ar ghníomhaíochtaí geilleagracha.

**Sampla bailí ainmnithe 3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcoimhlint sin.

**Cur síos agus míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Iomlán 30m**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Céist 10

**10A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing tsracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Limistéar de lonnaíocht chnuasta
- Limistéar de lonnaíocht líneach
- Galfchúrsa
- An bóthar réigiúnach R584.

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/fráma** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2m grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, ceadaigh 50% de na marcanna le fáil as na gnéithe ach 0 marc as an 5 cinn atá le fáil as sracléarscáil.**

**Iomlán 30m**

**10B. Imirce – ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Luaigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

**Cúiseanna bailí ainmnithe** **2m + 2m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce sin ar na ceantair uirbeacha a dtéann daoine ar imirce chucu.

**Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce sin ar na ceantair thuaithe a fhágann siad ina ndiaidh.

**Cur síos/míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Iomlán 40m**

**10C. Daonra**

'Bíonn tionchar ag a lán tosca ar rátaí breithe agus ar rátaí báis agus ina measc sin tá leibhéil ioncaim, cultúr agus sochaí agus teicneolaíocht an leighis'.

Tabhair cur síos agus míniú ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar rátaí breithe agus ar rátaí báis.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **30m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Iomlán 30m**

## Ceist 11

### 11A. Daonra

**Céatadán den Daonra os cionn 65 de réir Ilchríche in 2018**

| Ilchríoch | An Céatadán den daonra os cionn 65 |
|---|---|
| Meiriceá Thuaidh | 15% |
| Meiriceá Theas | 8% |
| An Afraic | 3% |
| An Eoraip | 18% |
| An Áise | 8% |

Curtha in oiriúint ówww.visualcapitalist.com

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an céatadán den daonra a bhí os cionn 65 de réir ilchríche in 2018 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

**Grafpháipéar** **3m**

**Lipéad / ciorcal curtha ar ais cheartingearach** **3m grádaithe (3/1/0)**
**Lipéad curtha ar ais chothrománach / í Curtha sa Lár** **3m grádaithe (3/1/0)**
**5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** **15m**

**Fo-Iomlán 24m**

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair tionchar **amháin** a bhíonn ann nuair atá céatadán ard den daonra os cionn 65.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.
**Cathair bhailí sa domhan i mbéal forbartha ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna atá le fás tapa na cathrach sin sa domhan atá i mbéal forbartha.
**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann leis an bhfás tapa seo.
**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar na fadhbanna sin.
**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**11C. Forbairt Lonnaíochtaí Uirbeacha**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar forbraíodh baile Bheanntraí ar an suíomh sin agus bain úsáid as fianaise san aerfótagraf chun tacú le gach ceann de na cúiseanna.

**Trí chúis @ 10 marc an ceann** **30m**

**Le haghaidh gach cúis:**

**Fianaise ón aerfótagraf** **1m**

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 30m**

## Ceist 12

### 12A. Fás Uirbeach

Na Bailte is mó in Éirinn de réir Daonra 2011-2022

| Baile | 2011 | 2016 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Droichead Átha | 38,578 | 40,956 | 44,135 |
| Dún Dealgan | 37,816 | 39,004 | 43,112 |
| Sord | 36,924 | 39,248 | 40,776 |
| An Uaimh | 28,559 | 30,173 | 33,886 |
| Bré | 31,872 | 32,600 | 33,512 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas faoi na bailte ba mhó in Éirinn in 2011, 2016 agus 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén baile ba mhó in Éirinn in 2022?
**Droichead Átha** **3m**

(ii) Cén daonra a bhí i Sord in 2016?
**39,248** **3m**

(iii) Cén baile ina raibh daonra níos lú ná 30,000 in 2011?
**An Uaimh** **6m**

(iv) Ríomh an fás a tháinig ar dhaonra Dhún Dealgan ó 2011 go 2022.
**5,296** **6m**

(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an bhfás ar dhaonra na mbailte sa tábla thuas.
**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vi) Mínigh go hachomair tionchar **amháin** a bhíonn ag an bhfás i ndaonra na mbailte sin.
**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

**12B. Feidhmeanna Uirbeacha**

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Limistéar uirbeach bailí ainmnithe** **3m**

(ii) Ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith atá ag an limistéar sin.

**Feidhmeanna bailí ainmnithe** **3m + 3m**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh ar athraigh feidhmeanna an limistéir uirbigh sin le himeacht aimsire.

**Cur síos/míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**

**Iomlán 30m**

**12C. Dáileadh Lonnaíochta**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil **easpa** lonnaíochta.

**Tagairt eangaí** **2m**

(ii) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, an fáth a bhfuil **easpa** lonnaíochta sa suíomh sin.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard**.

**Tagairt eangaí** **2m**

(iv) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, an fáth a bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard** sa suíomh sin.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**Iomlán 40m**

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin Tíreolaíochta in 2024

1. Patrúin dhéimeagrafacha a athrú i gceantar áitiúil.

2. Fiosraigh conas a théann geolaíocht i bhfeidhm ar an tírdhreach i gceantar áitiúil.

3. Truailliú uisce – Staidéar ar shruth nó abhainn áitiúil.

4. Staidéar ar athrú uirbeach i gceantar áitiúil.

5. Tionchar eacnamaíoch **agus/nó** timpeallachta aon ghníomhaíocht eacnamaíoch amháin i gceantar áitiúil.

6. Iniúchadh a dhéanamh ar conas mar a théann próisis gheomorfacha i bhfeidhm ar mhúnlú an tírdhreacha i dtimpeallacht abhann **nó** chósta **nó** oighreach.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 – 303 | 29 |
| 304 – 306 | 28 |
| 307 – 310 | 27 |
| 311 – 313 | 26 |
| 314 – 316 | 25 |
| 317 – 320 | 24 |
| 321 – 323 | 23 |
| 324 – 326 | 22 |
| 327 – 330 | 21 |
| 331 – 333 | 20 |
| 334 – 336 | 19 |
| 337 – 340 | 18 |
| 341 – 343 | 17 |
| 344 – 346 | 16 |
| 347 – 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrú Tíreolaíochta – Ní chuirtear san áireamh san iomlán do mharcanna bónais é

Nóta: Scéim mharcála mhionathruithe ar fáil d’iarrthóirí a rinne páipéar scrúdaithe mionathruithe.